## Gradam Filíochta Bliantúil i gCuimhne ar Mhícheál Ó hAirtnéide 2025

*Michael Hartnett Annual Poetry Award 2025*

Tá an Gradam Filíochta Bliantúil i gCuimhne ar Mhícheál Ó hAirtnéide atá á maoiniú ag Comhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon chun obair litríochta Mhíchíl Ó hAirtnéide i nGaeilge agus i mBéarla a aithint. Cuirfidh An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Chontae Cathrach Luimnigh duaischiste €8,000 ar fáil, agus is Comhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh a bheidh á riaradh. Bronnfar an gradam ar an bhfile bunaithe **ar an dara leabhar nó leabhar ina dhiaidh sin a bhí foilsithe sna 2 bliana díreach caite, 2023 – 2024.**

Bronntar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide gach re bliain ar leabhair fhilíochta i nGaeilge agus i mBéarla. **I 2025, bronnfar an Gradam ar fhile a scríobhann as Gaeilge.** Is iad **Ailbhe Ní Ghearbhaigh agus Louis de Paor** na moltóirí sa bhliain 2025.

**Is é 27 Meitheamh 2025 an spriocdháta do iarratais.**

Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide ar an bhfile buach oíche oscailte Éigse Mhíchíl Uí Airtnéide ar an Déardaoin 2 Deireadh Fómhair 2025 sa Chaisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh.

**Coinníollacha:**

1. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide 2025 **ar fhile atá ag teacht chun cinn, chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do scríobh na filíochta as Gaeilge**.
2. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide i mbliana 2025 ar leabhar filíochta **as Gaeilge**.
3. Beidh ar an bhfile a bhuafaidh an Gradam a bheith ina náisiúnach Éireannach nó ag cur faoi / fúithi in Éirinn le dhá bhliain anuas ar a laghad.
4. Roghnófar leabhar filíochta de chuid file Éireannaigh de réir na pointí seo a leanas:

    **is gá don leabhar a chuirtear faoi bhreith a bheith mar an dara leabhar nó leabhar ina dhiaidh sin a bhí foilsithe sna dhá bliana deiridh 2023 – 2024.**
5. **Imleabhair aonaracha amháin** atá incháilithe le cur isteach, ní dantá ná bailiúcháin roghnaithe.
6. Níl iar-fhaighteoirí Ghradam Filíochta Mhíchíl Uí hAirtnéide incháilithe do bhreithniú 2025.

7. Is iad **na Comhlachtaí Foilsitheoireachta** a chuirfidh na leabhair isteach sa chomórtas agus ní cheadaítear ach leabhar amháin ó gach file. Caithfidh na foilsitheoirí a chur in iúl do na filí go bhfuil a gcuid saothair á gcur isteach ar an gcomórtas.
8. Beidh cinneadh an bhreithneora críochnaitheach. Ní bheidh aon phlé idir na moltóirí agus na filí a bheidh ar ghearrliosta maidir leis an rogha buaiteora.
9. Is cóir **ceithre chóip** d'aon leabhar filíochta a bheidh san iomaíocht, maraon le foirm iontrála comhlánaithe, a sheoladh go **Oifig Ealaíon Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimnigh**, agus is gá go bhfaighidh an Oifig Cultúr agus Ealaíon an méid sin faoin **Dé hAoine 27 Meitheamh 2025** ar a dhéanaí (Nóta: Ní bheidh na leabhair le fáil ar ais).
10. Líon isteach foirm iarratais ar leith do gach file ar leith a bheidh á chur san iomaíocht.
11. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide ar an bhfile buacach ar oíche oscailte **Éigse Mhíchíl Uí Airtnéide ar an Déardaoin 2 Deireadh Fómhair 2025 sa Chaisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh.**

Seol **foirm iarratais** agus **ceithre chóip** den leabhar chuig:

**Oifig Ealaíon Luimnigh**
**Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimnigh**

Limerick Arts Office
Limerick City and County Council, Merchant's Quay, Limerick

T: 061 556370
E: artsoffice@limerick.ie